CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meán Fómhair 2023

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023

(2023/C 339/02)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

— glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2023 go cinntitheach an 23 Samhain 2022 ([2]);

— thíolaic an Coimisiún togra, an 3 Iúil 2023, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2023,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 a ghlacadh an 18 Meán Fómhair 2023.

Tá an téacs iomlán ([3]) ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 58, 23.2.2023, lch. 1.
([3]) 12435/23 + ADD 1.